GX1003

OLLSCOIL na hÉIREANN, GAILLIMH
NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY

SCÚDAITHE DARA SEIMEASTAIR, 2000-2001

DARA SCRÚDÚ OLLSCOILE SNA DÁIN

TÍREOLAÍOCHT

TI 217 Tíreolaíocht Uirbeach

Meáchan: 5 ECTS

An tOllamh D. O Rathaille
Dr. Mark McCarthy
An tOllamh Ulf Strohmayer

Am ceadaithe: 3 uaire

Freagair 4 cheist

1. 'Is iomaí guth agus tuairim nua a spreagadh nuair a maollaíodh ar na teorainneacha acadúla, agus is léir gur tháinig an mhaith as, ach ar bhain costas rómhór leis?' (Lees, 2000). Pléigh an ráiteas seo, le tagairt ar leith don chaoi ar éirigh an tíreolaíocht as an simpliú ar chathracha mar chineálacha 'ar leith' agus gur thosaigh an staidéar ar a 'gcastacht thírdhreachúil'.

2. Imlínigh príomhthréithe na fealsúnachta 'frithuirbeach', mar ar tugadh air, a bhí i réim in Éirinn go dtí le gairid, agus léirigh cuid de na hathraithe a tharla le déanaí sa dearcadh ar bhailte agus ar chathracha na hÉireann.

3. Thug na forbairtí tógála a spreagadh i mbaile na hÉireann faoi na scéimeanna athnuacha uirbeacha (ó1986 i leith) aghaidh ar an dearóiliú fhorleathan agus rinne siad athnuachan ar cheantair a bhí ag meath nó imithe as úsáid (KPMG, et al). Pléigh.

4. Scríobh aiste ar éabhlóid na pleanála spásúla sa Bhreatain le linn na fichiú haoise.

5. Mínigh páirt na n-údarás áitiúl i reachtáil laethúil bhailte agus chathracha na hÉireann.

6. Scriobh aiste faoi éabhlóid chóras pleanála uirbeach na hÉireann agus déan cur síos ar mar a oibríonn próiséasanna 'pleanáil thalamhúsáide' agus 'rialú na forbartha'.

7. Scríobh aiste faoi na hathraithe i dtíreolaíocht uirbeach na hAfraice, agus imlínigh na fadhbanna éagsúla a bhí ag a cuid cathracha ón chuid dheireanach den bhfichiú haois i leith.

8. Scríobh aiste faoi thíreolaíocht stairiúil uirbeach na hÉireann sa tréimhse luath nua-aimseartha, ag úsáid do rogha baile mar shampla.

9. Táthar ag tuar go mbeidh daonra uirbeach an domhain méadaithe fá thrí le leathchéad bliain atá le teacht, agus go gcruthóidh sé seo dúshláin scanrúla ar nós bochtaineacht shóisialta agus eacnamaíochta agus drochthruailliú timpeallachta. (Hanson and Lake, 2000). Pléigh.